Prós: Spás

Bí ag caint!

I ngrúpa, pléigh an cheist seo: Cad is brí leis an bhfocal 'spás'?

Traic 7–9 Léigh agus éist

Léigh agus éist leis an ngearrscéal 'Spás' le Mícheál Ó Ruairc. Tá an taifeadadh ar fáil sna trí chanúint: Gaeilge Chonnacht, Gaeilge na Mumhan agus Gaeilge Uladh.

Spás

le Mícheál Ó Ruairc

Gaeilge Chonnacht

Gaeilge na Mumhan

Gaeilge Uladh

Theastaigh spás uaithi. Spás di féin. Spás chun 'a rud féin' a dhéanamh. Spás lena saol féin a chaitheamh.

Lig sí **osna**. Lean an múinteoir uirthi ag caint. Ach ní raibh Pádraigín ag éisteacht léi. Bhí a smaointe **i bhfad ar shiúl**. Bhí sí ag smaoineamh ar a saol féin agus **na hathruithe** a bhí tagtha air le tamall anuas. Trí mhí ó shin bhí seomra dá cuid féin aici sa bhaile. Ach nuair a **saolaíodh** leanbh óg dá tuismitheoirí tháinig deireadh leis sin ar fad. Cuireadh a deirfiúr Aoife isteach in aon seomra léi. Níor **réitigh** sí féin agus Aoife riamh lena chéile.

Go dtí gur tháinig Aoife isteach léi, bhí **an saol ar a toil aici**. Bhí sí in ann **a rogha rud** a dhéanamh. Ní raibh éinne ag cur isteach ná amach uirthi. Bhí gach rud **in ord is in eagar** aici. Bhí sí in ann bheith ag léamh is ag éisteacht leis an raidió go dtí a haon a chlog ar maidin **dá mba mhian léi** é. **D'fhéadfadh sí** fanacht sa leaba go meán lae ag an deireadh seachtaine.

she needed space

sigh
faraway
the changes

born

get on

everything she could wish for
whatever she wanted
just right

if she wanted to
she could

Ach anois ní raibh aon phríobháideacht fágtha aici. **Cuireadh iachall** uirthi na soilse a mhúchadh aréir ag a deich a chlog agus dhúisigh Aoife ag a seacht a chlog ar maidin í lena Playstation glórach, gránna. Agus arú aréir níor stop Peadar, an leanbh óg, ach ag gol is ag caoineadh an oíche go léir ….

was forced

Gaeilge Chonnacht

Gaeilge na Mumhan

Gaeilge Uladh

Tháinig na **deora** léi. Ní raibh trua ag éinne di. Bhí a tuismitheoirí ag cur brú uirthi **de shíor** níos mó staidéir a dhéanamh. Ach ní raibh **ar a cumas** é a dhéanamh. Le teacht a dearthár óig, ní raibh sí in ann cúinne ciúin a aimsiú in aon áit. Agus **dá** rachadh a tuismitheoirí amach ag an deireadh seachtaine, bheadh uirthi **aire a thabhairt** d'Aoife agus do Pheadar.

tears

constantly

able

if
take care

Stop sí de bheith ag caoineadh. Bhí an múinteoir Fraincise ag scríobh ar an gclár dubh. Thosaigh sí ag breacadh na nótaí ina cóipleabhar. **Fiú amháin** ar scoil ní raibh **faoiseamh** le fáil aici. Bhíodh sí ina suí ar an mbinse cúil, ach cuireadh ina suí ar an mbinse tosaigh í an tseachtain seo caite. **Chuir an múinteoir staire ina leith** go raibh sí ag féachaint amach an fhuinneog agus b'in an fáth gur bogadh suas go dtí barr an ranga í. Agus bhíodh sí go breá socair sásta san áit ina raibh sí. Bhraith sí go raibh spás aici sa bhinse ar chúl an ranga, go raibh ar a cumas bheith **ar a sáimhín só** ann.

even; relief

the history teacher accused her

happy and contented

Ach anois bhí sí **faoi bhois an chait acu**. Ní fhéadfadh sí **sméideadh**, ná a cluas a **thochas** fiú gan aire an mhúinteora a tharraingt uirthi féin. Lig sí osna eile. Bhí a saol **ina chíor thuathail** ar fad. Bhí gach éinne ina coinne. Mhothaigh sí go raibh gach rud ag druidim isteach uirthi is go raibh sí ar nós príosúnaigh **faoi ghlas sa chillín**.

under their thumb
blink; scratch
upside down

locked up in a cell

Tháinig na deora léi arís. Smaoinigh sí ar Dhiarmaid, an buachaill álainn ar chuir sí aithne air an samhradh seo caite nuair a bhí sí ag fanacht lena seanmháthair faoin tuath. Ní fhéadfadh sí dearmad a dhéanamh ar Dhiarmaid. Buachaill caoin cneasta a bhí ann agus bhí sí socair **ina theannta**. Thosaigh siad ag scríobh chuig a chéile nuair a d'fhill sí ar an gcathair. Nuair a fuair a tuismitheoirí amach cad a bhí ar siúl d'iarr siad uirthi deireadh a chur leis.

by his side

'Ba chóir duit náire a bheith ort,' a dúirt a hathair léi, 'agus tú ag ullmhú do scrúdú na hArdteistiméireachta i mbliana!' Níor lig siad di scríobh chuig Diarmaid **a thuilleadh**. Tháinig litir eile uaidh, ach nuair nach bhfuair sé freagra uaithi, tháinig deireadh leis na litreacha. Anois **bhíodar chun** cosc a chur uirthi dul chuig teach a seanmháthar. 'Níl tusa chun dul chuig do sheanmháthair i d'aonar arís agus sin sin,' a dúirt a máthair.

anymore

they were going to

Lean Pádraigín uirthi ag caoineadh. Bhí sí **i ndeireadh na feide**. Ba é teach a seanmháthar an t-aon áit amháin a raibh faoiseamh le fáil aici. Bhí a seomra féin aici ann. Bhí sí in ann teacht agus imeacht aon uair ba mhaith léi. Bhí sí féin agus a Mamó **an-cheanúil** ar a chéile. Bhí tuiscint eatarthu. Thug a Mamó spás di. Ní raibh sí riamh **faoi chuing na daoirse** i dteach a Mamó.

at her wits' end

very fond

oppressed

Gaeilge Chonnacht

Gaeilge na Mumhan

Gaeilge Uladh

Stop sí de bheith ag caoineadh. Dhírigh sí í féin aniar sa bhinse. Rinne sí **rún daingean**. Scríobhfadh sí chuig a Mamó agus **chuirfeadh sí in iúl di** gur theastaigh uaithi saoire a chaitheamh léi arís i mbliana. Dá dtabharfadh a Mamó cuireadh di teacht ar cuairt chuici, ní fhéadfadh a tuismitheoirí **cur ina coinne**. Bheadh sí in ann mí a chaitheamh i dteannta a Mamó. Agus bheadh spás aici. Agus bheadh deis aici bualadh le Diarmaid arís agus a scéal go léir a mhíniú dó.

firm resolution
she would let her know

go against her

Bhuail an cloigín amuigh sa **dorchla**. Bhí deireadh leis an rang Fraincise. Ní raibh ach rang amháin fágtha – an rang Gaeilge, a rogha ábhar – agus bheadh sí ag dul abhaile don deireadh seachtaine. Lig sí osna eile. Ach osna áthais a bhí ann an t-am seo.

corridor

Scríobh

Freagair na ceisteanna seo.

Leathanach 34

1. Cad air a raibh Pádraigín ag smaoineamh sa seomra ranga?
2. Cén fáth ar cuireadh a deirfiúr Aoife in aon seomra léi?
3. Cén sórt saoil a bhí aici sular tháinig Aoife isteach léi? Is leor **dhá** phointe eolais.

Leathanach 35

4. Luaigh rud **amháin** a rinne Aoife a chuir isteach ar Phádraigín.
5. Cad a chuir an múinteoir staire ina leith?
6. Cén fáth ar mhothaigh sí go raibh a saol 'ina chíor thuathail'?
7. Cé hé Diarmaid?

Leathanach 36

8. Cén fáth nár lig a tuismitheoirí di scríobh chuig Diarmaid?
9. Cén rún daingean a rinne sí?
10. Cén deis a bheadh ag Pádraigín dá gcaithfeadh sí mí i dteannta a Mamó?

Bí ag caint!

I ngrúpa, pléigh na ceisteanna seo.

1. An bhfuil aon chosúlachtaí idir tú féin agus an príomhcharachtar? Céard iad?
2. An bhfuil aon difríochtaí idir tú féin agus an príomhcharachtar? Céard iad?

Táim in ann ceisteanna a fhreagairt ar an ngearrscéal 'Spás'.